



An Bhruiséil, 14 Meitheamh 2022
(OR. fr)

10178/22

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0145(NLE)**

**ENFOPOL 349
CT 117
RELEX 810
JAI 892
NZ 8**

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	9089/22 + ADD 1
Ábhar:	Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú an Chomhaontaithe, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, de pháirt amháin, agus an Nua-Shéalainn, den pháirt eile, maidir le malartú sonraí pearsanta idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus údaráis na Nua-Shéalainne atá inniúil chun an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac – Glacadh

1. An 13 Bealtaine 2020, ghlac an Chomhairle cinneadh lena n-údaraítear tús a chur leis na caibidlíochtaí leis an Nua-Shéalainn ar chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn maidir le malartú sonraí pearsanta idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus údaráis na Nua-Shéalainne atá inniúil chun an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac.¹

¹ 7047/20 + ADD 1.

2. Is é cuspóir an Chomhaontaithe, i gcomhréir le hAirteagal 25(1)(b) de Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol)², malartú sonraí pearsanta idir Europol agus an Nua-Shéalainn a údarú ar bhonn comhaontú idirnáisiúnta arna thabhairt i gcrích de bhun Airteagal 218 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Ós rud é gur ar bhonn comhaontaithe comhair faoi Airteagal 23 de Chinneadh 2009/371/JAI (sean-Chinneadh Europol) a tugadh comhaontuithe idir Europol agus tríú tíortha i gcrích roimhe seo, is é seo an chéad chomhaontú idirnáisiúnta a tugadh i gcrích idir Europol agus tríú tír ar an mbonn dlí sin.
3. An 13 Bealtaine 2022, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú an Chomhaontaithe, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, de pháirt amháin, agus an Nua-Shéalainn, den pháirt eile, maidir le malartú sonraí pearsanta idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus údaráis na Nua-Shéalainne atá inniúil chun an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac agus togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe réamhráite sin³.

² IO L 135/53, 24.5.2016.

³ 9089/22 + ADD 1, 9090/22 + ADD 1.

4. Le linn dhá bhliain deiridh na caibidlíochta sin, ón 13 Bealtaine 2020 go dtí an 13 Bealtaine 2022, ní dheachaigh an Coimisiún i gcomhairle leis an gcoiste speisialta a d'ainmnigh an Chomhairle, in ainneoin Airteagal 218(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus Airteagal 2 den Chinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht lena bhforáiltear go ndéanfar an chaibidlíocht i gcomhairle leis an gcoiste sin⁴. Dá bhrí sin, an 19 Bealtaine 2022, cuireadh téacs an Chomhaontaithe, ar chuir an Coimisiún agus an Nua-Shéalainn inisealacha leis an 3 Nollaig 2021, faoi bhráid na gComhairleoirí CGB den chéad uair, i bhfad tar éis chlabhsúr na caibidlíochta. Mar thoradh ar an gcur i láthair deireanach sin, ceanglaíodh go n-eagrófaí an dara cruinniú de chuid Chomhairleoirí CGB an 3 Meitheamh 2022 ionas go mbeadh na Ballstáit in ann a dtuairimí a chur in iúl maidir leis an ngá atá le leasuithe áirithe a thabhairt isteach ar théacs an Chomhaontaithe. Ós amhlaidh atá, iarradh ar an gCoimisiún comhlíonadh Airteagal 218 CFAE a áirithiú agus an coiste speisialta arna cheapadh ag an gComhairle maidir le dul chun cinn na caibidlíochta sin a chur ar an eolas go rialta dá bhrí sin, agus dul i gcomhairle leis, i gcomhthéacs na caibidlíochta a dhéanfar amach anseo, i gcomhréir lena oibleagáidí faoin airteagal sin agus le prionsabal an chomhair dhílis. Leis sin, beifear in ann dul i gcomhairle leis an gcoiste speisialta arna ainmniú ag an gComhairle agus cinneadh a dhéanamh roimh ré maidir le saincheistanna áirithe a tharraingeofar anuas i gcomhaontuithe a dhéanfar amach anseo, go háirithe na saincheistanna sin a bhaineann le hinfheidhmeacht chríochach agus le foirmlíú iomchuí ar thionchar Phrótacal 21 agus Phrótacal 22 ar an gcaidreamh seachtrach déthaobhach.
5. An 10 Meitheamh 2022, d'fhoilsigh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS), lena ndeachaigh an Coimisiún i gcomhairle i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725⁵, tuairim fhoirmiúil inar dheimhnigh sé go bhfuil coimircí leordhóthanacha ag gabháil leis an gcomhaontú i ndáil le príobháideacht agus cearta agus saoirsí bunúsacha daoine aonair a chosaint⁶. I ngeall ar an tuairim fhabhrach seo, b'fhéidir do Chomhairleoirí CGB a gcomhaontú leis an togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú an Chomhaontaithe leis an Nua-Shéalainn a dheimhniú.

⁴ 7047/20 + ADD 1.

⁵ IO L 295/1, 21.11.2018.

⁶ 10180/22.

6. Leagtar amach téacs an Chinnidh agus téacs an Chomhaontaithe, mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch orthu, in 9954/22 agus 9269/22 faoi seach⁷.
7. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a dhéanamh:
- an comhaontú a dheimhniú maidir leis an togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú an Chomhaontaithe (9089/22 + ADD);
 - a mholadh go nglacfaidh an Chomhairle an togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú an Chomhaontaithe ag an gComhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh (Fuinneamh) an 27 Meitheamh 2022;
8. Foilseofar an Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú an Chomhaontaithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE agus cuirfear an cinneadh ón gComhairle maidir le síniú an chomhaontaithe chuig Parlaimint na hEorpa.
-

⁷ Tá Éire faoi cheangal ag Rialachán (AE) 2016/794 agus, dá bhrí sin, tá sí rannpháirteach sa Chinneadh seo. I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, Prótacal atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh Rialachán (AE) 2016/794 agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm. Dá bhrí sin, ní bheidh an Danmhairg rannpháirteach sa Chinneadh seo. Ina theannta sin, leasaíodh Airteagal 2 den Chinneadh ón gComhairle maidir le síniú an Chomhaontaithe chun a shoiléiriú go gcumhdaítear faoi inniúlacht Uachtarán na Comhairle ainmniú an té a chumhachtaítear leis an gComhaontú a shíniú thar ceann an Aontais.